# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Gnáthleibhéal

# SCÉIM MHARCÁLA

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A** Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Freagair **deich gceist** ar bith díobh.
Tá **6 mharc** ag gabháil le gach ceist.

**Roinn B** Tá **cúig cheist** sa roinn seo.
Freagair **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile díobh.**
Tá **80 marc** ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50 marc** an ceann ag gabháil leis na **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5**.

**Roinn C** Tá **trí cheist** sa roinn seo.
Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach, ar a n-áirítear **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)**.
Tá **80 marc** an ceann ag gabháil leis na hábhair **roghnacha 1** agus **3**.
Tá **40 marc** ag gabháil le hábhar **roghnach 2**.

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

**Tabla na nGrád - 280/320**

| Grád | Abhar Roghnach 1 agus 3 | Abhar Roghnach 2 |
|---|---|---|
| 1 | 288-320 | 252-280 |
| 2 | 256-287 | 224-251 |
| 3 | 224-255 | 196-223 |
| 4 | 192-223 | 168-195 |
| 5 | 160-191 | 140-167 |
| 6 | 128-159 | 112-139 |
| 7 | 96 -127 | 84-111 |
| 8 | < 95 | < 83 |

## Roinn A

Freagair **deich** gceist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas. (6)

***3 @ 2 mharc*** (*grádaithe* 2:0)

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Is comhpháirt (cuid) riachtanach de gach cill den corp é uisce. | ✓ | |
| Cuidíonn uisce le teocht an choirp a rialú trí allas. | ✓ | |
| Cuireann uisce cosc ar dhíleá agus ionsú bia. | | ✓ |

**2.** Bain úsáid as na focail ar an liosta thíos chun na ráitis seo a leanas faoi vitimíní a chomhlánú. (6)

***3 @ 2 mharc*** (*grádaithe* 2:0)

***ródoipsin*** ***raicíteas*** ***aigéad ascorbach***

Easpa vitimín D is cúis le **raicíteas** i leanaí.

Tugtar **aigéad ascorbach** ar vitimín C freisin.

Bíonn vitimín A ag teastáil le **ródoipsin** a tháirgeadh, ar lí é i reitine na súile.

**3.** Maidir le próitéin mínigh an t-airí seo a leanas: (6)

Téachtadh: ***2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)
*Téachtann agus cruann próitéin nuair a théitear é; téachtann gealacán uibhe ag 60°C; téachtann buíocán uibhe ag 68°C; athraíonn teas tais collaigin go geilitín; tagann athrú ar dhath feola mar gheall ar mhióglóibin; suaitheadh, gníomh meicniúil – athraíonn gealacán uibhe go cúir nuair a dhéantar é a bhualadh; téachtann reinín einsíme próitéin bhainne; etc.*

Ainmnigh **dhá** mhias éagsúla ina dtaispeántar airí an téachta.

Mhias: ***2 @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)

**(i)** *quiche; pavlova; meireangaí; cúróga; etc.*

**(ii)** *mairteoil rósta; pióg mheireang líomóide; uibheagán; etc.*

**4.** Ainmnigh **trí** athrú a tháinig ar phatrúin itheacháin i réim bia na Éireann. (6)

Athrú ar phatrúin itheacháin: ***3 @ 2 mharc*** (*grádaithe* 2:0)

**(i)** *níos mó daoine ag ithe amuigh; ag ithe mearbhia níos minice; ag ithe béilí réamhullmhaithe níos minice;*

**(ii)** *níl teaghlaigh ag ithe phríomhbhéile an lae le chéile; príomhbhéile á ithe tráthnóna; daoine 'ag ithe gan suí síos';*

**(iii)** *bia próiseáilte/saoráideach á ithe níos minice; bia sláintiúil/míshláintiúil á ithe níos minice; etc.*

**5.** Ar an liosta thíos tá aicmí torthaí. Ainmnigh **dhá** thoradh i n**gach** aicme. (6)

Toradh: ***6 @ 1 mharc*** (*grádaithe* 1:0)

| **Aicmí Torthaí** | **Ainm an Toraidh** |
|---|---|
| Toradh citris | **1.** *oráistí, líomóidí, líomaí;* |
| | **2.** *seadóg; cleimintín; etc.* |
| Toradh triomaithe | **1.** *rísíní; cuiríní; sabhdánaigh;* |
| | **2.** *dátaí; prúnaí; figí; etc.* |
| Clochthoradh (Torthaí ina mbíonn clocha) | **1.** *plumaí; péitseoga; neachtairíní:* |
| | **2.** *abhacáid; silíní; etc.* |

**6.** Tabhair **trí** threoirlíne chothaithe a chuidíonn le cosc a chur ar ghalar putóige. (6)

Treoirlíne chothaithe: ***3 @ 2 mharc (****grádaithe* 2:0)

**(i)** *ith slánghránaigh; arán donn; rís shlánghráin;*

**(ii)** *fág craiceann ar thorthaí/glasraí; ith torthaí/glasraí amha nuair is féidir;*

**(iii)** *ith torthaí úra/triomaithe in áit sneaiceanna próiseáilte; ith cnónna/síolta níos minice; ite torthaí iomlána in áit súnna; ól neart uisce; etc.*

**7.** Ainmnigh **dhá** chineál taosráin éagsúla agus mol mias oiriúnach is féidir a dhéanamh le **gach** ceann acu. (6)

Cineálacha Taosráin: ***2 @ 2 mharc*** (*grádaithe* 2:0)

Mias: ***2 @ 1 mharc*** (*grádaithe* 1:0)

| **Cineál Taosráin** | **Mias Oiriúnach** |
|---|---|
| *choux; taosrán briosc; taosrán puithe garbh; taosrán puithe;* | *éclair; profiteroles; toirtín úll; quiche; rollóga ispíní; pióg stéige agus dhuáin; croissants; vol au vents; etc.* |
| *taosrán calógach; filo; geir; taosrán briosc-chrústa saibhir; etc.* | *pióg mhionra; rollóg earraigh; maróg gheire; samósa; etc.* |

**8.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas. (6)

***3 @ 2 mharc*** (*grádaithe* 2:0)

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Is modh mall le bia a chócaráil é gríoscadh. | | ✓ |
| Is é is friochadh domhain ann ná bia a chócaráil agus é tumtha i saill the. | ✓ | |
| Tá an scalladh oiriúnach le haghaidh bianna fíneálta e.g. uibheacha agus iasc. | ✓ | |

**9.** Bain úsáid as na focail ar an liosta thíos chun na ráitis seo a leanas faoi theicstílí tí a chomhlánú. (6)

***3 @ 2 mharc*** *grádaithe* 2:0)

***crapadh*** ***statach*** ***proban***

Laghdaíonn feabhsaitheoirí fabraice an méid de **statach** a bhíonn i snáithíní sintéiseacha.

Is féidir le fabraic olla **crapadh** nuair a nitear í ag teochtaí arda.

Is bailchríoch lasairmhoillitheach é **proban** a úsáidtear ar theicstílí tí.

**10.** Cad iad an **dá** thoisc ba chóir a chur san áireamh nuair atá scéim choigiltis á roghnú agat? (6)

Toisc: ***2 @ 2 mharc*** (*grádaithe* 2:1:0)

**(i)** *a éasca atá sé teacht ar an airgead; ráta úis; urrús na scéime - clúdaithe ag Scéim Deimhnithe Taisce an Rialtais;*

**(ii)** *saor ó cháin; faoi réir DIRT/CCÚT (Cáin Choinneála ar Ús Taisce); etc.*

Ainmnigh scéim choigiltis **amháin** atá ar fáil do thomhaltóirí.

*Scéim choigiltis:* ***2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)

Oifig an Phoist: *cuntas coigiltis; scéim choigiltis thráthchoda; banna coigiltis; cairt choigiltis; Banna Dlúthpháirtíochta Náisiúnta; etc.*
Bainc/Cumainn Foirgníochta: *cuntais taisce prapéilimh; cuntais fógra taisce; cuntais téarma speisialta; etc.*
Comhar Creidmheasa*: cuntas coigiltis; cuntas coigiltis sóisearach; etc.*

**11.** Mínigh na téarmaí seo a leanas: (6)

Téarma: ***2 @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)

**(i)** Ollioncam
*an t-ioncam a thuilltear sula ndéantar aon asbhaintí; etc.*

**(ii)** Glanioncam
*an t-ioncam tar éis asbhaintí a dhéanamh; pá glan; etc.*

**12.** Cén t-eolas a chuireann **gach** ceann de na siombailí seo a leanas in iúl don tomhaltóir? (6)

Siombail: ***2 @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)



*Siombail athchúrsáilte uilíoch; earraí agus amhábhair a bhfuil ábhair in-athchúrsáilte iontu; etc.*




*Éicea-lipéad an Aontais Eorpaigh; ní chruthaíonn táirgí leis an lipéad seo ach damáiste íosta don chomhshaol; etc.*

## Roinn B

Freagair **Ceist 1** agus **dhá cheist** ar bith eile as an roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**1.** Breathnaítear ar arán go fóill mar phríomhbhia in Éirinn.

Sa tábla thíos taispeántar na cineálacha earraí bácáilte a cheannaíonn teaghlaigh gach seachtain.




(*Bord Bia, 2017*)

**(a)** Agus tú ag baint úsáid as an eolas atá sa tábla thuas:

**(i)** déan trácht ar **cheithre** cinn de na hearraí bácáilte a cheannaíonn teaghlaigh gach seachtain **agus** tabhair cúiseanna leis an tóir a bhíonn orthu. (20)

***4 phointe @ 5 mharc***

Trácht: **4 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0), Cúiseanna: ***4 @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)

***Trácht:*** *comparáid; tagairt do %; ordú céim; tóir; etc.*

***Arán Bán Slisnithe:*** *saor; ar fáil go héasca; ilfheidhmeach; ard i gcarbaihiodráití; ar bheagán snáithín; roghanna saor ó ghlútan ar fáil; etc.* ***Arán Francach*** **(*Baguettes*)*:*** *costas; ar bheagán snáithín; tóir air; ilfheidhmeach; etc.* ***Arán Sóide/Donn:*** *arán traidisiúnta; le snáithín; costas; etc.* ***Fillteoga:*** *cineálacha éagsúla ar fáil; méideanna éagsúla; ilfheidhmeach; etc.* ***Rollóga/Borróga/Bapaí:*** *costas; cineálacha éagsúla; ilfheidhmeach; ar fáil reoite; etc.*

**(ii)** mol athrú **amháin** a d'fhéadfá a dhéanamh ar cheann **amháin** de na hearraí bácáilte le go mbeadh sé níos sláintiúla. (5)
Tabhair cúis le do rogha.

Athrú: ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:1:0)
Cúis: ***2 mharc*** (grádaithe 2:0)

*Úsáid plúr donn in áit plúr bán; cuir isteach síolta chun cion snáithín a mhéadú; úsáid ola olóige in áit ime; maisigh arán le síolta measctha; cuir isteach cnónna mionghearrtha, spionáiste, cáis, luibheanna, trátaí griantriomaithe; etc.*

**(b)** Tabhair cuntas ar charbaihiodráití faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- aicmiú (6)

***3 aicme @ 2 mharc*** (grádaithe 2:0)

*Monaisiúicrídí; déshiúicrídí; polaisiúicrídí;*
*Siúcra; stáirse; snáithín/ceallalós; etc.*

- fionsí sa réim bia (12)

***3 fhoinse @ 4 mharc*** (grádaithe 4:0)

*Gránaigh bhricfeasta; rís; pasta; prátaí; arán; torthaí; glasraí; cnónna; síolta; mil; cácaí; brioscaí; milseáin; grán rósta; bainne; siúcra; etc.*

- feidhmeanna sa chorp. (8)

***2 fheidhm @ 4 mharc*** (grádaithe 4:0)

*Teas; fuinneamh; spreagann imfháscadh; coisceann iatacht; coisceann neamhoird putóige; feidhmíonn mar spárálaí próitéin; insliú, barraíocht carbaihiodráití stóráilte mar fhíochán saille; stoc glicigine; airítear lán nuair a itear snáithín; etc.*

**(c)** Mol **trí** shlí inar féidir le daoine siúcra ina réim bia a laghdú. (9)

***3 shlí @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)

*Seachain deochanna súilíneacha; ná cuir siúcra i ndeochanna; úsáid milseoir in áit siúcra; laghdaigh cácaí, brioscaí agus milseáin san aiste bia; ná cuir siúcra ar ghránaigh; ith torthaí/cipíní glasraí in áit sneaiceanna siúcraithe; ith torthaí iomlána in áit caoineog/súnna; athraigh oidis chun cion siúcra a laghdú; etc.*

**(d)** Anseo thíos tá **ceithre** mhír eolais do thomhaltóirí atá le fáil ar phacáistiú bia. Mínigh an tábhacht a bhaineann le **gach** ceann díobh seo don tomhaltóir:

- breiseáin
- eolas cothaitheach
- liosta comhábhar
- treoracha stórála. (20)

***4 phointe @ 5 mharc*** (grádaithe 5:3:0)

***Breiseáin:*** *liostaithe do thomhaltóirí a bhfuil frithghníomhú ailléirgeach ag dul dóibh; chun nach n-itear an iomarca breiseán; etc.*
***Eolas cothaitheach:*** *beidh a fhios ag an tomhaltóir go díreach cad atá á ithe aige; cion fuinnimh i gcileacalra/ciligiúil; líon próitéine, saille, carbaihiodráití, siúcraí, snáithín agus sóidiam; faisnéis ailléirge chun tacú le céiliaigh/daoine le héadulaingt ar lachtóis/ailléirge cnó; oiriúnacht do veigeatóirí/veigeáin; etc.*
***Liosta comhábhar:*** *beidh a fhios ag an tomhaltóir go díreach cad iad na comhábhair atá in úsáid sa táirge; cainníocht na gcomhábhar in úsáid; féadfaidh tomhaltóirí roghanna bia eolacha a dhéanamh; etc.*
***Treoracha stórála:*** *mionsonraí maidir le conas táirgí a stóráil d'fhonn milleadh a chosc; dáta is fearr roimhe; dáta faoinar chóir a úsáid; etc.*

**2.** 'Tá beagnach 1.5 billiún duine fásta ar fud an domhain nach bhfaigheann dóthain aclaíochta.'

(*Irish Times, 2018*)

**(a)** Pléigh **ceithre** thoisc a shocraíonn na riachtanais fuinnimh atá ag duine. (20)

***4 thoisc @ 5 mharc*** (grádaithe 5:3:0)

***Aois:*** *teastaíonn níos mó fuinnimh ó dhaoine óga; teastaíonn níos lú fuinnimh ó dhaoine scothaosta; etc.* ***slí bheatha:*** *teastaíonn níos mó fuinnimh ó dhaoine a mbíonn obair throm fhisiciúil ar siúl acu; etc.* ***inscne:*** *teastaíonn níos lú fuinnimh ó mhná ná fir; etc.* ***aeráid:*** *níos mó fuinnimh ag teastáil in aeráidí níos fuaire; etc.* ***leibhéil ghníomhaíochta:*** *níos mó fuinnimh ag teastáil ó dhaoine atá níos gníomhaí; etc.* ***méid agus meáchan:*** *níos lú fuinnimh ag teastáil ó dhaoine níos lú ná daoine níos mó; etc.* ***toircheas:*** *níos mó fuinnimh ag teastáil chun an féatas a fhorbairt; etc.* ***lachtadh:*** *níos mó fuinnimh ag teastáil le bainne cíche a tháirgeadh; etc.* ***stádas sláinte:*** *ní bhíonn an oiread céanna fuinnimh ag teastáil nuair a bhíonn duine tinn mar gheall ar easpa gníomhaíochta fisiciúla; etc.* ***gortú fisiceach:*** *níos mó fuinnimh ag teastáil chun bristeacha/gearrthacha a dheisiú; etc.*

**(b)** Agus na treoirlínte reatha don itheachán sláintiúil á gcur san áireamh agat, leag amach biachlár (3 bhéile) i gcomhair lá amháin do dhéagóir a imríonn spórt. (18)

***3 bhiachlár @ 6 mharc***

**(**Biachlár: ***2 chúrsa @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) ***+ deoch*** (grádaithe 2:0) ***@ 2 mharc*****) X 3**

**Biachláir shamplacha**

| **Bricfeasta** | **Lón** | **Dinnéar** |
|---|---|---|
| *Torthaí úra measctha & iógart sú craobh*<br>***<br>*Leite le bainne lánsaille*<br>***<br>*Uibheacha scallta/ tósta caiscín*<br>*Tae/caife/uisce* | *Sailéad ina bhfuil tuinnín agus pasta*<br>***<br>*Caoineog sútha talún*<br>***<br>*Cnónna measctha*<br>*Uisce* | *Anraith glasraí & arán donn*<br>***<br>*Curaí sicín & rís dhonn*<br>***<br>*Mionbhruar úll & sméar dubh le hiógart nádúrtha*<br>*Bainne/uisce* |

**(c)** Maidir le fuinneamh:

**(i)** tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht a bheith ann idir iontógáil fuinnimh agus aschur fuinnimh

**(ii)** mínigh *bunráta meitibileach* (BMR). (12)

***3 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

**(*1 phointe maidir le cothromaíocht fuinnimh, 1 phointe maidir le BMR + 1 phointe eile*)**

**Cothromaíocht a bheith ann idir iontógáil fuinnimh agus aschur fuinnimh:** *má sháraíonn iontógáil fuinnimh aschur fuinnimh cuireann daoine suas meáchan; déantar fuílleach fuinnimh a thiontú go saill agus a stóráil mar fhíochán saille; má sháraíonn aschur fuinnimh iontógáil fuinnimh cailleann daoine meáchan; chun an meáchan ceart a chothabháil; etc.*

**Bunráta meitibileach:** *an t-íosmhéid fuinnimh is gá chun feidhmeanna an choirp a chothabháil nuair a bhíonn duine ar a shuaimhneas; chun orgáin inmheánacha a choinneáil ag imeacht; chun teocht an choirp a chothabháil; déantar é a thomhas 12 uair an chloig i ndiaidh ithe; nuair a bhíonn duine te agus go hiomlán ar a shuaimhneas; de réir meáchan coirp, aoise, inscne; etc.*

**3.** 'Baineann gach cáise feirme a dhéantar in Éirinn go sonrach leis an táirgeoir a dhéanann í.'
(*www.bordbia.ie*)

**(a)** Tabhair cuntas **(i)** ar luach cothaitheach cáise **agus (ii)** ar luach diaitéiteach cáise. (20)

***5 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)
***(2 thagairt do luach cothaitheach, 2 thagairt do luach diaitéiteach, móide 1 tagairt amháin eile)***

***Luach cothaitheach:*** *foinse próitéine HBV, aimínaigéad riachtanach chun cealla coirp a fhás/a dheisiú; easpa carbaihiodráití ann; saill sháithithe le haghaidh teasa/fuinnimh; cailciam do chnámha agus fiacla láidre; vitimín A do shúile sláintiúla; vitimín D a chomhcheanglaíonn le cailciam; vitimín B chun fuinneamh a scaoileadh; tá salann i gcáis chéadair; tá céatadán ard uisce i gcáiseanna boga; etc.*

***Luach diaitéiteach:*** *easpa carbaihiodráití, seirbheáil le bia atá lán le carbaihiodráití; tábhachtach in aiste bia leanaí; bia ardfhuinnimh, ard-chalra; ilfheidhmeach; is féidir léi a bheith deacair a dhíleá; cion ard saille sáithithe; is féidir í a dhéanamh as bainne beagmhéathrais; ba chóir do mhná torracha cáiseanna boga a sheachaint chun baol nimhithe bia a sheachaint; etc.*

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar:

**(i)** **trí** úsáid chócaireachta éagsúla a bhaintear as cáis

**(ii)** na slite a dtéann teas i bhfeidhm ar cháis. (18)

***3 úsáid chócaireachta @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
***Úsáidí cócaireachta:*** *ceapairí; sneaiceanna; bácáil; taosráin; líonta le haghaidh miasa saillte agus milse; anlainn; milseoga; cláir cháise; mar phríomh-chomhábhar i mias; dipeanna; fondú; chun blas a chur ar mhiasa; barráin; gairnisí; etc.*

***3 thionchar a bhíonn ag teas @ 3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)
***Éifeachtaí teasa:*** *athruithe datha; téachtann/dínádúraíonn próitéin; crapann próitéin; leánn saill, deighleann sí agus éiríonn sí greamaitheach; má tá sí ró-chócaráilte bíonn sí righin agus dodhíleáite; beag athrú ar luach cothaitheach; etc.*

**(c)** Luaigh **trí** chúis a bhfuil méadú ar an tóir atá ar cháiseanna feirme in Éirinn. (12)

***3 chúis @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)
*Ar fáil i margaí áitiúla; cuirtear fostaíocht ar fáil go háitiúil; cineálacha éagsúla ar fáil; gnóthaí teaghlaigh; caighdeáin arda sláinteachais; caighdeán níos fearr; níos lú próiseála; creidtear go bhfuil siad níos cothaithí; fógraíocht ó phríomhchócairí teilifíse; etc.*

**4.** 'Tá ceannach tí ar cheann de na cinntí is mó, ó thaobh airgid de, a dhéanann duine i rith a shaoil.' (*www.daft.ie*)

**(a)** Mínigh conas a rachadh **gach** ceann díobh seo a leanas i bhfeidhm ar dhuine le linn dó teach don teaghlach a roghnú:

- infhaighteacht (áiteanna cónaithe a bheith ar fail) ***1 phointe @ 6 mharc*** (grádaithe 6:4:0)
- suíomh ***1 phointe @ 6 mharc*** (grádaithe 6:4:0)
- treochtaí i bhforbairt tithíochta. ***1 phointe @ 6 mharc*** (grádaithe 6:4:0) (18)

***Infhaighteacht:*** *airgead ar fáil; tá méadú tagtha ar chostais chíosa, d'fhéadfadh ceannach a bheith níos saoire; ardéileamh i gceantair uirbeacha; tithíocht shóisialta; tithíocht phríobháideach; árasáin; liostaí tithíochta na n-údarás áitiúil; rochtain do dhaoine faoi mhíchumas; etc.*

***Suíomh:*** *cóngaracht don obair, scoileanna, siopaí, naíolann; taitneamhachtaí áitiúla sa cheantar; limistéar tuaithe nó uirbeach; gar do theaghlach, do chairde; etc.*

***Treochtaí i bhforbairt tithíochta:*** *cuireann eastáit tithíochta raon cineálacha tithe ar fáil; caithfidh spásanna oscailte glasa; bealaí isteach le ballaí; taitneamhachtaí a bheith ag eastáit; ag imeacht ó fhorbairtí tithe aonair; eastáit bheaga gheataithe a fhorbairt; seantithe a cheannach lena n-athchóiriú; athfhorbairt ar thithe lárchathrach; tithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol; cónaí in árasáin; etc.*

**(b)** Maidir le hárachas:

**(i)** luaigh **thrí** bhuntáiste a bhaineann le hárachas tí

**(ii)** tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc atá le cur san áireamh nuair a bhíonn árachas tí á roghnú agat. (20)

***3 bhuntáiste @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

*Soláthraíonn suaimhneas intinne; cosnaíonn sócmhainní e.g. earraí luachmhara; cosaint ar chaillteanas nó gortú mar gheall ar bhuirgléireacht; dóiteáin; tuilte; slándáil; árachas dliteanais phoiblí san áireamh; etc.*

***2 thoisc @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

*Luach ar airgead; an bhfuil an chuideachta slán; costas chun árachas a chur ar do theach don mhéid a chosnódh sé é a atógáil; árachas a chur ar inneachair don mhéid a chosnódh sé iad a athsholáthar; cumhdach polasaí in aghaidh gach riosca; lascainí ar fáil má tá aláram; aláram monatóra; brathadóir deataigh ag an teach; etc.*

**(c)** Déan cur síos ar **thrí** shlí le truailliú a laghdú chun go mbeidh an timpeallacht níos glaine. (12)

***3 shlí @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

*Úsáid acmhainní fuinnimh in-athnuaite; seachain táirgí le CFCanna; roghnaigh táirgí pumpála/neamhdhíobhálach don ózón; úsáid breosla gan toit; úsáid iompar poiblí; úsáid gluaisteáin hibrideacha/leictreacha; siúil nó téigh ar rothar; ceannaigh fearais tíosach ar fhuinneamh; úsáid glantaigh saor ó fhosfáit; cuir córas éifeachtach cóireála séarachais i bhfeidhm; laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil; etc.*

**5.** **'**Bíonn ról ríthábhachtach ag an teaghlach i sochaí an lae inniu.' (*www.betterhelp.com*)

**(a)** **(i)** Déan cur síos ar **gach** ceann de na feidhmeanna teaghlaigh seo a leanas:

- feidhm eacnamaíoch
- feidhm oideachais
- feidhm fhisiceach
- feidhm shóisialta. (16)

***4 fheidhm @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

***Eacnamaíoch:*** *tacaíocht a thabhairt do leanaí go dtí go sroichfidh siad 18 nó 23 bliain d'aois má tá siad in oideachas lánaimseartha; d'fhéadfadh an bheirt tuismitheoirí a bheith i mbun oibre; d'fhéadfadh teaghlaigh mhóra oibriú le chéile mar aonad eacnamaíoch; íocann teaghlaigh atá ag obair cánacha agus caitheann siad airgead sa gheilleagar; cur le geilleagar an chontae; etc.*

***Oideachas:*** *is é an teaghlach an príomhoideoir; seachadtar creidimh agus nósanna anuas ó thuismitheoirí go leanaí; ba chóir go gcuirfeadh sé timpeallacht spreagúil ar fáil; d'fhéadfadh sé múineadh do leanaí conas léamh; suim a léiriú in obair scoile trí fhreastal ar chruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí; maoirseacht a dhéanamh ar obair baile; leanaí a spreagadh maidir le scrúduithe; moladh a thabhairt, ag cuidiú le leanbh a chumas iomlán a bhaint amach; etc.*

***Fisiceach:*** *soláthraíonn sé riachtanais bhunúsacha e.g. bia, éadaí, foscadh; cosnaíonn baill leochaileacha trí thimpeallacht shábháilte a sholáthar; giniúint/atáirgeadh; etc.*

***Sóisialta:*** *noirm shóisialta a mhúineadh; cad atá inghlactha sa tsochaí; meas; an ceart a aithint ón mícheart; foghlaimíonn leanaí conas iad féin a iompar ar bhealach inghlactha; trí bhreathnú ar dhaoine eile agus aithris a dhéanamh orthu; tá smacht leanúnach ag teastáil ó leanaí chun cabhrú leo sraith luachanna a fhorbairt; etc.*

**(ii)** Mínigh conas a chuidíonn an stát le feidhm theaghlaigh **amháin**. (4)

***1 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:1:0)

***Fisiceach:*** *liúntais leasa shóisialaigh; FSS*(*HSE*) *e.g. altra sláinte poiblí; Cláir Tacaíochta Pobail do Mháithreacha agus Teaghlaigh; etc.* ***Mothúchánach:*** *Cláir Parent Plus; Grúpaí Tuismitheoirí agus Naíonáin; etc.* ***Sóisialta:*** *réamhscoil, bunscoil, meánscoil; córas breithiúnach; etc.*
***Oideachas:*** *réamhscoil, an Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige* (*ECCE*); *bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna; ISAnna; scoileanna speisialta; HEAR; DARE; etc.*
***Eacnamaíoch:*** *leas sóisialach; Liúntas Míchumais & Cúramóra; Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil; Sochar Linbh; Íocaíocht Teachlaigh Oibre* (*FIS*)*; etc.*

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid mhaith a bheith ann laistigh den teaghlach. (15)

***3 phointe @ 5 mharc*** (grádaithe 5:2:0)

*Is féidir le cumarsáid i bhfoirm molta agus spreagtha cuidiú le féinmheas; foghlaimeoidh baill teaghlaigh an dóigh a mothaíonn daoine eile faoi cheisteanna; cuireann sé ar chumas daoine a gcuid mothúchán a chur in iúl; is féidir leis cabhrú le strus a chosc; tá sé riachtanach chun a chinntiú go n-éistear le gach duine; cabhraíonn sé leis an leanbh caidrimh a chruthú; cuidíonn sé le sóisialú an linbh; etc.*

**(c)** Mínigh **trí** shlí chun déileáil le coimhlint idir daoine óga (déagóirí) agus daoine fásta. (15)

***3 shlí @ 5 mharc*** (grádaithe 5:2:0)

*Seachain achrann; déan cumarsáid – labhair; éist; déan comhréiteach; tóg sos le socrú síos; cumas comhbhá a bheith acu, tuiscint a fháil ar dhearcadh a chéile; meas a léiriú ar gach dearcadh; ba chóir go mbeadh tuiscint shoiléir ag an dá thaobh ar a bhfuiltear ag súil leis; etc.*

## Roinn C

## Ábhar Roghnach 1 - Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **1(a) agus 1(b) nó 1(c)** a fhreagairt.

**1.(a)** 'Tá slite éagsúla ann chun go mbeidh foirgnimh ag teacht leis an timpeallacht ina bhfuil said.'



(*www.cbaarchitecture.ie*)

**(i)** Pléigh **trí** thoisc a bhaineann leis an timpeallacht a mbeadh tionchar acu ar an stíl tí a roghnódh duine. (15)

***3 thoisc @ 5 mharc*** (grádaithe 5:2:0)

*Fuinneoga móra/velux chun solas a uasmhéadú; ballaí cloiche chun teacht leis an timpeallacht; painéil ghréine le haghaidh teasa/uisce te; díonta/frámaí fuinneoige i ndathanna a thagann leis an dath áitiúil; cruth agus méid an tí ag teacht leis an timpeallacht; dhá leibhéal chun teacht le grádán an tsuímh; gairdín tírdhreachtaithe do theach atá taitneamhach ó thaobh aeistéitice de; etc.*

**(ii)** Déan trácht ar conas a bhíonn tionchar ag **gach** ceann díobh seo a leanas ar dhearadh tí:

- riachtanais an teaghlaigh (faoi láthair agus amach anseo)
- éifeachtúlacht fuinnimh
- forbairtí teicneolaíochta
- costas. (20)

***4 phointe @ 5 mharc*** (grádaithe 5:2:0)

***Riachtanais an teaghlaigh:*** *spás dóthanach do gach ball den teaghlach; beidh níos mó spáis amuigh faoin aer ag teastáil ó theaghlaigh le leanaí óga; spás do dhaoine faoi mhíchumas; árasán muintire ceangailte den teach; etc.*

***Éifeachtúlacht fuinnimh:*** *fuinneoga déghloinithe nó tríghloinithe le gloine íseal-astaíochta; insliúi mballaí, sa díon agus sna doirse; córas teasa criosach; úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite; úsáid teirmeastait, amadóirí agus fearas atá tíosach ar fhuinneamh; etc.*

***Forbairtí teicneolaíochta:*** *úsáid a bhaint as ábhair nach féidir smál a chur orthu go héasca; soilsiú braiteora; córas folúsghlantóra lárnach; rialuithe teirmeastatacha; córas slándála monatóirithe; geataí leictreonacha; córas fuaime agus soilsithe comhtháite; úsáid na teicneolaíochta cliste; etc.*

***Costas:*** *dá mhéad é an teach is ea is mó an costas; d'fhéadfaí go gcaithfí an suíomh a cheannach; cuirfidh gnéithe áirithe dearaidh leis an gcostas; tírdhreachú; tá ballaí seachtracha cloiche níos daoire ná bailchríoch plástair; etc.*

**(iii)** Liostaigh na céimeanna atá le leanúint le cead pleanála a fháil chun teach a thógáil. (15)

***5 chéim @*** **3 mharc** (grádaithe 3:0)

*Cruinniú réamhphleanála – cad a cheadófar i gceantar; líníochtaí ailtireachta a thaispeánann pleananna tógála, ábhair atá le húsáid; fógra sa pháipéar áitiúil; fógra láithreáin in aice leis an mbealach isteach beartaithe; iarratas a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil; táille iarratais €65.00; léarscáil an láithreáin; téann an t-iarratas ar chlár pleanála; is féidir leis an ngnáthphobal é a iniúchadh; tabharfaidh oifigigh phleanála cuairt ar an láithreán; cuirfidh an t-údarás áitiúil an cinneadh in iúl don iarratasóir; cead a dheonú nó a dhiúltú; soiléiriú breise a lorg; má dhiúltaítear cead is féidir achomharc a dhéanamh leis an mBord Pleanála; etc.*

**agus**

**1.(b)** **(i)** Pléigh **trí** thoisc ba chóir a chur san áireamh nuair atá córas solais á phleanáil agat do chistin/seomra suí plean oscailte do theaghlach. (18)

***3 thoisc @ 6 mharc*** (grádaithe 6:4:2:0)

*Feidhm an tseomra; solas dóthanach chun tuirsiú na súl a sheachaint; méid an tsolais nádúrtha ag teacht isteach sa seomra; solas nádúrtha agus saorga in úsáid; dath na mballaí/an troscáin; méid an tseomra; atmaisféar an tseomra; pointe fócasach an tseomra; meascán de sholas díreach agus indíreach; solúbthacht e.g. lasc mhaolaithe/lampaí inaistrithe; soilsiú CFL/LED chun fuinneamh a shábháil; soilsiú chun mothúcháin éagsúla a chruthú; dalladh a sheachaint; sábháilteacht; cothabháil éasca; rochtain ar bholgáin nua a éascú; etc.*

**(ii)** Tabhair sonraí maidir le **dhá** fhorbairt sa soilsiú comhaimseartha (nua-aimseartha) a bheadh oiriúnach do theach. (12)

***2 fhorbairt @ 6 mharc***

**(**Ainm: ***3 mharc*** (grádaithe 3:0)**,** Cur síos: ***3 mharc*** (grádaithe 3:2:0)**) x 2**

*Soilse gníomhachtaithe braiteora agus gluaiseachta; soilse síleála cuasa; soilse ardaithe agus íslithe; soilse balla ceirmeacha agus plástar-bhunaithe; soilse faoin gcuntar agus caibinéid; soilse taispeána pictiúr; soilsiú LED; soilsiú CFL; soilsiú rian; spotsoilse; crann soilse; soilsiú a athraíonn dath; soilsiú rópa LED; soilsiú lasmuigh le cealla fótavoltacha; soilse lasmuigh; úsáid na teicneolaíochta cliste chun soilse a chasadh ar/as; etc.*

**nó**

**1.(c)** **(i)** Ainmnigh cineál **amháin** córas teasa do theach nua **agus** déan cur síos air.

Déan tagairt dóibh seo a leanas: Ainm: ***3 mharc*** (grádaithe 3:0)

- cineál córais teasa ***4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)
- foinse breosla/fuinnimh ***4 mharc*** (grádaithe 4:0)
- éifeachtúlacht agus áisiúlacht ***4 mharc*** (grádaithe 4:2:0) (15)

***Cineál: teas lárnach iomlán****: téitear an teach ar fad ó fhoinse lárnach, córais fhliucha agus thirime; etc.* ***teas lárnach páirteach:*** *téitear limistéar amháin den teach, ó lárphointe de ghnáth; éilíonn sé foinse teasa eile; etc.* ***teas cúlra:*** *téitear an teach ar fad ag teocht níos ísle; ní mór foinse teasa eile a chur leis;* ***teas logánta:*** *téitear seomra amháin le téitheoir logánta; etc.* ***griantéamh éighníomhach:*** *úsáideann sé teas nádúrtha ón ngrian chun na seomraí a bhfuil a n-aghaidh ó dheas agus siar a théamh; fuinneoga móra gloine feistithe;*

*etc.* ***griantéamh gníomhach:*** *úsáideann sí teas na gréine chun an teach agus uisce a théamh le painéil ghréine; etc.* ***teas faoin urlár:*** *úsáideann pumpa teasa geoiteirmeach teocht na talún nó uisce cúpla troigh faoi dhromchla an domhain mar fhoinse teasa; etc.*
***Malartóir teasa aer go huisce;*** *etc.*

***Foinse breosla/fuinnimh:*** *ola; gás; leictreachas; breosla soladach; cumhacht na gréine; etc.*

***Éifeachtúlacht agus áisiúlacht:*** *baineann gach seomra an leibhéal céanna compoird theirmigh amach; éasca le feidhmiú; éasca le suiteáil; is féidir uisce a théamh; is beag dochar a dhéantar don chomhshaol; is féidir é a ghníomhachtú le fón cliste; etc.*

**(ii)** Mínigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le hamadóirí agus/nó le teirmeastait a úsáid i gcóras teasa. (15)

***3 bhuntáiste @ 5 mharc*** (grádaithe 5:2:0)
***Amadóirí:*** *is féidir an teas a chasadh air ag amanna réamhshocraithe; cinntíonn sé go bhfuil an seomra te nuair is gá; tá níos lú fuinnimh á chur amú; cuirtear air agus as an teas go huathoibríoch; is féidir é a úsáid le fón cliste; etc.*
***Teirmeastait:*** *rialaíonn siad teocht go huathoibríoch; cabhróidh siad le fuinneamh a shábháil; ceadaíonn siad smacht níos fearr ar theocht an tí; etc.*

## Ábhar Roghnach 2 - Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

Ní mór d’iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **2(a) agus 2(b) nó 2(c)** a fhreagairt.

**2.(a)** Mar gheall go bhfuil an oiread sin daoine breise páirteach anois i gcaithimh aimsire, bíonn aird níos mó ná riamh ar chúrsaí faisin ag lucht déanta éadaí.



(*www.lidl.co.uk)*

**(i)** Déan trácht ar oiriúnacht na n-éadaí fóillíochta a thaispeántar thuas.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- compord — ***2 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:1:0)
- mealltacht aeistéitiúil — ***2 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:1:0)
- cruth. — ***2 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:1:0) (18)

***Compord:*** *barréidí scaoilte; luiteoga éasca le cur ort; oiriúnach do gach cineál aclaíochta; ábhar líocra inar féidir gluaiseacht go héasca; ionsúnn allas; coinníonn an corp fionnuar le linn aclaíochta; bríste gearra atá oiriúnach d’aimsir the; banda gruaige chun gruaig a choinneáil amach ó na súile; etc.*

***Mealltacht aeistéitiúil:*** *taitníonn sé le daoine níos óige; ní fheileann sé do gach cruth agus méid; dathanna; etc.*

***Cruth****: luiteoga agus barréidí cúnga; gan mhuinchillí ionas gur féidir gluaiseacht go héasca; luiteoga níos faide níos oiriúnaí; cruth le muineál ard agus íseal chun freastal ar dhaoine éagsúla; etc.*

**(ii)** Sceitseáil **agus** déan cur síos ar sheaicéad fóillíochta a bheadh oiriúnach do na héadaí seo. (7)

Sceitse: ***3 mharc*** (grádaithe 3:1:0), Cur síos: ***4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

***Sceitse:*** *ba chóir go léireofaí sonraí ann faoi na gnéithe dearaidh, e.g. líne, cruth, comhréir, teacht le chéile; d’fhéadfadh fabraic; dath a bheith san áireamh; etc.*

***Cur síos:*** *dath; dearadh; líne; comhréir; cruth; pócaí; cineál muiníl; muinchillí; zipeanna; fabraic; bailchríocha fabraice; oiriúintí; etc.*

***Glac leis an gcur síos ar an sceitse.***

**agus**

**2.(b)** Scríobh próifíl le haghaidh fabraic a rinneadh as snáithíní monaraithe faoi na ceannteidil seo a leanas:

- táirgeadh snáithíní **_2 phointe @ 3 mharc_** (grádaithe 3:1:0)
- airíonna **_3 airíonna @ 1 mharc_** (*grádaithe* 1:0)
- teicníc tógála fabraice (teicníc déanta na fabraice). **_2 phointe @ 3 mharc_** (grádaithe 3:1:0) (15)

***Táirgeadh Snáithíní:***
***Vioscós* (*snáithín réón*):** *próiseas ceimiceach, éiríonn ceallalós níos intuaslagtha; stiallta* (*grán bán*) *níos éasca a phróiseáil; aosaithe le ceimiceáin; curtha i ndruma ceimiceán chun dath buí sainiúil a thabhairt; grán tuaslagtha i sóid loiscneach; vioscós – cead a bheith aige aibiú; scagtha chun ábhair nach bhfuil tuaslagtha a bhaint; curtha trí shníomhadán; sníomh fliuich – filiméid curtha trí leacht le socrú; sníomh tirim – triomaíonn aer te an filiméad; táirgtear filiméid leanúnach; gearrtha i snáithín stáplach; sníofa isteach i snáth; etc.*
***Níolón:*** *measctar dhá cheimiceán ar a dtugtar monaiméirí i gcóimheas 1:1; déantar iad a théamh agus cruthaítear polaiméir fhadslabhrúil dá thoradh; cuirtear snáithín ar roth uiscefhuaraithe a bhíonn ag casadh agus fuaraíonn sé sin an ribín; déantar é a tharraingt trí umar uisce fhuair, áit a soladaíonn sé; gearrtar ina shliseanna é; ní mór iad sin a thriomú; a leá; easbhrúitear iad as poll beag; soladaíonn siad isteach i snáth níolóin atá réidh le sní; etc.*

**Glac le: *Athghineadóir:*** *Vioscós; Aicéatáit, trí-aicéatáit; etc.* ***Sintéiseach:*** *Níolón; Poileistear; Aicrileach; etc.*

***Airíonna:***
***Vioscós:*** *luíonn go maith; an-ionsúiteach; bog; compordach le caitheamh; ruaimeanna go maith; éiríonn lag nuair a bhíonn sé fliuch; etc.*
***Níolón:*** *luíonn go maith; éadrom le caitheamh; láidir; frithfhilltíní; éasca le ruaimeanna a chur ann; frithsheasmhach in aghaidh coinclí; etc.*

**Teicníc tógála fabraice (teicníc déanta na fabraice):**
***Fíodóireacht:*** *síntear dlúth ar sheol; cuirtear inneach os cionn agus faoi bhun an dlúith ó thaobh go taobh; de réir mar a thagann na snáitheanna innigh anuas ar imill amuigh na snáitheanna dlúith, cruthaítear imeall dlúthchiumhaise agus cuireann sé sin cosc ar sceitheadh; etc.* **Cniotáil:** *comhdhéanta de shraith lúba idirnasctha a mbíonn tógáil sholúbtha mar thoradh orthu; etc.*

**nó**

**2.(c)** **'**Le blianta beaga anuas tá méadú mór 60% tagtha ar dhíolacháin patrún fuála agus cniotála.'
(*www.the guardian.co.uk*)

**(i)** Pléigh **trí** phointe atá le cur san áireamh nuair atá patrúin tráchtála á roghnú agat. (9)

**_3 phointe @ 3 mharc_** (grádaithe 3:1:0)
*Ba chóir do thosaitheoirí patrún simplí a roghnú gan mórán dairteanna nó uamanna; roghnaigh raonta éasca le húsáid/raonta atá simplí le fuáil; socraítear méid an phatrúin le haghaidh sciortaí nó brístí de réir thomhas na gcromán; déantar méid na ngúnaí, léinte, cótaí a chinneadh de réir thomhas an bhrollaigh nó an chliabhraigh; rogha phearsanta; costas; etc.*

**(ii)** Mínigh an tábhacht a bhaineann le mír eolais **amháin** a bhíonn le fáil ar chlúdach patrúin tráchtála. (6)

***2 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:1:0)

*Tomhais chaighdeánacha an choirp; méid na fabraice is gá do gach stíl agus méid; radhairc tosaigh agus cúil ar na baill éadaigh; tomhais na bhfeisteas críochnaithe; comhairle maidir le breacáin nó fabraicí trasnánacha a úsáid; fabraicí molta; coincheapa, méid an chnaipe, fad na zipeanna; ceanglais bhreise, idirnascadh, líneálacha agus maisithe; líon na bpíosaí patrún; etc.*

## Ábhar Roghnach 3 - Staidéar Sóisialta (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **3(a) agus 3(b) nó 3(c)** a fhreagairt.

**3.(a)** **'**Tá líon na ndaoine atá ag clárú le haghaidh cúrsaí ardoideachais ag méadú go seasta le blianta beaga anuas.' (*www.education.ie*)

**(i)** Mínigh *oideachas aosach* (*do dhaoine fásta*) **agus** *oideachas athdheise.* (6)

***2 phointe @ 3 mharc*** (grádaithe 3:0)

*Mar aidhm aige cultúr foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn; deiseanna a chruthú do dhaoine fásta de gach aois/leibhéal oideachais filleadh ar oideachas; scileanna a fháil laistigh de thimpeallacht foghlama solúbtha; cáilíochtaí nua a fháil; feabhas a chur ar scileanna d'fhonn gairm a athrú; coinneáil suas le dul chun cinn teicneolaíochta san ionad oibre; etc.*

**(ii)** Pléigh **ceithre** chúis leis an méadú i líon na mac léinn atá ag dul i mbun oideachas tríú leibhéal. (16)

***4 chúis @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

*É d'acmhainn ag teaghlaigh leanaí a chur chuig an gcoláiste; meas ag mic léinn/ tuismitheoirí ar oideachas coláiste mar bhealach chun post a íocann go maith a fháil; réimse leathan cúrsaí ar fáil; d'fhéadfadh coláistí a bheith áitiúil do mhic léinn; inspreagadh; spreagadh; DARE; HEAR; SUSI; TAP - Clár Rochtana TCD; etc.*

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** shlí ina ndéanann an t-oideachas duine óg a ullmhú chun dul ag obair. (16)

***4 shlí @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

*Scileanna litearthachta; scileanna uimhearthachta; scileanna ríomhaire; cáilíochtaí a fhorbairt – meas ar údarás; poncúlacht; iontaofacht; freagracht; féin-smacht; scileanna sóisialaithe; taithí oibre; etc.*

**(iv)** Conas a dhéanann an tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 cearta oibrithe óga a chosaint? (12)

***3 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

*Cosnaíonn sé sláinte oibrithe óga; rialaíonn na huaireanta is féidir le daoine óga oibriú; rialaíonn na haoiseanna is féidir le daoine óga dul i mbun oibre; rialaíonn sosanna; laethanta saoire agus laethanta saora; ní mór íosphá a íoc le daoine óga; etc.*

**agus**

**3.(b)** Bíonn níos mó am saor ag daoine mar thoradh ar uaireanta oibre níos giorra.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste atá ann don teaghlach nuair a bhíonn níos mó am saor acu. (15)

***3 bhuntáiste @ 5 mharc*** (grádaithe 5:2:0)

*Cabhraíonn le scíth a ligean ó strus an tsaoil; cabhraíonn le folláine mheabhrach; feabhsaíonn sláinte fhisiciúil; cuireann sé idirghníomhaíocht shóisialta chun cinn; spreagann caidreamh dearfach; cabhrú le forbairt scileanna nua; forbraíonn scileanna cruthaitheacha; feabhsaíonn féinmheas; spreagann nascadh teaghlaigh; feabhsaíonn cumarsáid agus obair foirne; maolaíonn leamhsháinn; samplaí maithe do leanaí; etc.*

**(ii)** Déan plé ar conas a chuidíonn gníomhaíochtaí fóillíochta le forbairt an duine.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- forbairt fhisiciúil (an choirp) ***5 mharc*** (grádaithe 5:2:0)
- forbairt shóisialta ***5 mharc*** (grádaithe 5:2:0)
- forbairt mhothúchánach. ***5 mharc*** (grádaithe 5:2:0) (15)

***Fisiciúil:*** *neart coirp a fheabhsú; mais matán; meáchan a rialú, murtall a chosc; neartaíonn aer úr an córas imdhíonachta; comhordú súl a fhorbairt; cabhraíonn cleachtaí meáchain le hoistéapóróis a chosc; etc.*

***Sóisialta:*** *gníomhaíochtaí foireann-bhunaithe – bualadh le daoine nua, cairde nua a dhéanamh; scileanna comhoibrithe/cumarsáide a fhorbairt; neartaítear caidrimh i dteaghlaigh; forbraítear scileanna ceannaireachta maidir le spóirt foirne; faightear muinín; scileanna éisteachta a fhorbairt; feabhas ar chuimhne; etc.*

***Mothúchánach:*** *feabhsaítear féinmheas agus muinín; tugtar deis strus a mhaolú agus a laghdú; braistint muintearais a thabhairt nuair a bhíonn tú mar chuid d'fhoireann; forbairt mhothúchánach dhearfach a spreagadh; dul chun leasa meabhairshláinte agus riosca dúlagar a laghdú; mórtas as a bhfuil bainte amach; etc.*

**nó**

**3.(c)** 'Sa lá atá inniu ann tá 780,000 duine bocht beo in Éirinn, agus is leanaí iad ceathrú milliún díobh.' (*Social Justice Ireland, 2018*)

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **trí** chúis a fhágann go bhfuil an bhochtaineacht ar fáil fós i sochaí na hÉireann. (15)

***3 chúis @ 5 mharc*** (grádaithe 5:2:0)

*Costas méadaithe tithíochta; ganntanas tithíochta sóisialta; bíonn costais níos mó ag teaghlaigh mhóra; teaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh aon ioncaim; rátaí arda dífhostaíochta; fadhbanna sóisialta, alcól, drugaí, cearrbhachas; easpa oideachais; poist ar phá íseal; fáinne fí na bochtaineachta; etc.*

**(ii)** Ainmnigh **agus** tabhair sonraí faoi eagraíocht dheonach **amháin** a chuidíonn le teaghlaigh a mhaireann faoi bhochtaineacht. (15)

Ainm: ***3 mharc*** (grádaithe 3:0), Sonraí: ***3 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0)

***Naomh Uinseann de Pól:*** *foráil do na baill is leochailí i bpobal; tugann cúnamh airgeadais do dhaoine i ngátar; soláthraíonn teagmháil duine le duine chun fadhbanna a phlé; tugann baill cuairt ar theaghlaigh i ngéarghátar; siopadóireacht a dhéanamh do dhaoine scothaosta; tithíocht a sholáthar; sosanna saoire; clubanna obair baile; brúnna agus tionscadail tithíochta sóisialta; cúram do dhaoine gan dídean; ionaid chúraim lae do dhaoine aosta; deontais oideachais; tiomsú airgid; siopaí carthanachta; etc.*

***Clann Shíomóin:*** *cuireann siad tacaíocht; cóiríocht éigeandála agus shealadach ar fáil; foireann a chabhraíonn le daoine a chodlaíonn amuigh; tithe anraith/turais anraith; roghanna chun an andúile a leigheas; cuireann siad cúnamh ar fáil ó thaobh bia agus éadaí de; soláthraíonn siad seirbhísí comhairleoireachta agus oideachais; cumainn shóisialta; etc.*

***Focus Ireland:*** *soláthraíonn siad seirbhísí do dhaoine gan dídean nó atá i mbaol easpa dídine; soláthraíonn tacaíochtaí ó thaobh tionóntachtaí; soláthraíonn siad oiliúint i scileanna pearsanta agus saoil; faisnéis ar dheiseanna fostaíochta; soláthraíonn siad siopa caife buail isteach, cóiríocht éigeandála; etc.*

***Club na Leon; Cumann Rotary; etc.***

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 280 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 280 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 210 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 20 |
| 214 - 216 | 19 |
| 217 - 220 | 18 |
| 221 - 223 | 17 |
| 224 - 226 | 16 |
| 227 - 230 | 15 |
| 231 - 233 | 14 |
| 234 - 236 | 13 |
| 237 - 240 | 12 |
| 241 - 243 | 11 |
| 244 - 246 | 10 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 247 - 250 | 9 |
| 251 - 253 | 8 |
| 254 - 256 | 7 |
| 257 - 260 | 6 |
| 261 - 263 | 5 |
| 264 - 266 | 4 |
| 267 - 270 | 3 |
| 271 - 273 | 2 |
| 274 - 276 | 1 |
| 277 - 280 | 0 |
| | |

Leathanach Bán

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

# Obair Chúrsa sa Staidéar Bia

# Aistriúchán Ar Scéim Mharcála

**Tábla na nGrád**

| Grád | Bandaí |
|---|---|
| 1 | 288 - 320 |
| 2 | 256 - 287 |
| 3 | 224 - 255 |
| 4 | 192 - 223 |
| 5 | 160 - 191 |
| 6 | 128 - 159 |
| 7 | 96 - 127 |
| 8 | < 95 |

*Chun an marc ualaithe a ríomh, roinn an t-amhmharc ar a ceathair.*

## Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

**Fiosrúchán: Anailís/Taighde – 32 marc**

**Taighde agus anailís** **= 24**

***Banda A 19 - 24 mharc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)
*Fiosrúchán*

- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht chríochnúil** agus **anailís chuimsitheach** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda B 13 - 18 marc*** (*an-ábalta - go maith*)
*Fiosrúchán*

- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** agus roinnt **anailíse** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda C 7 - 12 mharc*** (*bunúsach - ábalta*)
*Fiosrúchán*

- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina baintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda D 0 - 6 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)
*Fiosrúchán*

- *ina bhfuil fianaise ar **thuiscint an-bhunúsach theoranta** ar phríomhriachtanais an taisc*
- *ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

**Gach Tasc:** *biachlár do lá áirithe/béilí 2 chúrsa/1 mhias/2 mhias/2 tháirge.* **= 4**

***Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear -1/-2/-4 marc san fhiosrúchán.***
(*biachlár – cúrsa tosaigh/milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc*)

*béilí/miasa/táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*
***Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe –*** *glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia*

**Foinsí:** ***2 fhoinse @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) **= 4**

**Ullmhúchán agus Pleanáil - 8 marc**

**Acmhainní:**

- comhábhair (*2 mharc*), cainníochtaí (*2 mharc*), costáil (*2 mharc*), trealamh (*2 mharc*) **= 8**
- AOP E – táirge/táirgí (*2 mharc*), trealamh (*6 mharc*)

**Cuir i bhFeidhm - 28 marc**

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta, teocht, riar/cur i láthair, blaiseadh/measúnú. **= 16**

(*Ba choir go mbeadh an t-eolas/an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin*)

***Banda A 13 - 16 mharc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)

*Aithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda B 9 - 12 mharc*** (*an-ábalta - go maith*)

*Aithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda C 5 - 8 marc*** (*bunúsach - ábalta*)

*Aithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda D 1 - 4 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)

*Ní aithnítear aon cheann de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach beagán díobh, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

**Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh** ***2 phointe @ 4 mharc*** (grádaithe 4:2:0) **= 8**

(caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil áirithe)

*Aithint (2 mharc) agus* ***míniú soiléir ar thábhacht*** *(2 mharc)* ***dhá chúinse*** *a cuireadh san áireamh a raibh baint* ***chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias****.*

**Sábháilteacht/sláinteachas** ***2 phointe @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) **= 4**

(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid/leis an mias atá á cócaráil)

*Aithint (1mharc) agus míniú (1 mharc) ar príomh-shaincheist sábháilteachta* ***amháin agus*** *an phríomh-shaincheist* ***amháin*** *a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil/an tástáil á dhéanamh.*

**Measúnú - 12 marc**

***3 phointe @ 4 mharc*** **= 12**

An tasc a mheasúnú de réir na dtéarmaí seo a leanas:

**Cur i bhfeidhm**

***Banda A - 4 mharc*** *- aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí/dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*

***Banda B - 3 mharc*** *- aithníodh láidreachtaí/dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*

***Banda C - 2 mharc*** *- rinneadh iarracht éigin láidreachtaí/dúshláin a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil.*

**Sainriachtanais** an taisc

***Banda A - 4 mharc*** *- tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*

***Banda B - 3 mharc*** *- tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*

***Banda C - 2 mharc*** *- déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc.*

**Réimse Cleachtais A: Prionsabail an Chothaithe a Chur i bhFeidhm**
**Tasc 1**

> *Spreagann na treoirlínte um bia sláintiúil daoine le réimse leathan bianna agus tá Pirimid an Bhia deartha le go mbeidh sé níos éasca roghanna a dhéanamh maidir le bia sláintiúil.*
>
> Agus tú ag tagairt don ráiteas thuas, déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do theaghlach atá ar bhuiséad bia teoranta.
> Agus na tosca seo á gcur san áireamh agat, mol réimse biachlár (dhá chúrsa) a bheadh oiriúnach mar bhéile um thráthnóna don teaghlach.
> Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa príomhchúrsa a ndearna tú taighde orthu.
> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. **2019**

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *riachtanais chothaithe/chothaitheacha ar chóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil do **theaghlach atá ar bhuiséad bia teoranta***
- *treoirlínte pleanála ábhartha do bhéilí le tagairt do **theaghlach atá ar bhuiséad bia teoranta***
- *raon biachlár* (*dhá chúrsa*) *do bhéile um thráthnóna lena n-áirítear mias phríomhchúrsa roghnaithe de phríomhbhéile an lae* (*ón mbiachlár*).

**Fiosrúchán**
**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha:** *cothromaíocht chothaitheach; riachtanais laethúla mhicrea /mhacrachothaithigh lena n-áirítear riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/cailciam/iarainn de réir mar is cuí do riachtanais teaghlaigh a bhfuil raon riachtanas cothaithe difriúla acu* (*aois, leibhéal gníomhaíochta, stádas sláinte/riachtanais chothaithe ar leith*)*; Vitimín C/ionsú iarainn; Vitimín D/ionsú cailciam; Vitimín B i gcomhair fuinnimh agus meitibileachta; snáithín ard; na treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; éagsúlachtaí féideartha i riachtanais fuinnimh; cothromaíocht fuinnimh vis a vis leibhéil gníomhaíochta; etc.*

**Treoirlínte pleanála do bhéilí:** *úsáid phirimide bia le cothromaíocht a chinntiú; éagsúlacht bhianna; ith béilí go rialto; úsáid bianna ina séasúr; roghnaigh sneaiceanna sláintiúla; roghnaigh foinsí bia próitéine atá níos saoire; sínigh feola a úsáid* (*TVP, etc.*)*; méid coda; déan codanna breise a chócaráil le reo; baisc-chócaráil; saincheisteanna acmhainne agus tagairt ar leith do bhianna atá réasúnta saor ach atá cothromaithe go cothaitheach; bianna féinbhranda; tairiscintí speisialta; bulc-cheannach; modhanna éifeachtúla cócaireachta a úsáid; lán-úsáid a bhaint as an oigheann; roghnaigh bia treisithe; seachain bianna áise; déan d'arán féin, do chácaí féin etc.; líon suas miasa feola agus éisc le glasraí; úsáid fuílleach; seiceáil dáta úsáid faoi agus dáta ar fearr roimhe; rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn go pearsanta; úsáid biachlár seachtainiúil; úsáid liosta siopadóireachta; etc.*

**Miasa roghnaithe**
- raon biachlár (*dhá chúrsa*) oiriúnach do bhéile um thráthnóna
- caithfidh siad a bheith oiriúnach do riachtanais chothaitheacha teaghlaigh atá ar bhuiséad bia teoranta
- caithfidh mias phríomhchúrsa a bheith ann (*ón mbiachlár*)

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)
*Anailís tátail maidir le riachtanais chothaithe raon mias/béilí do theaghlach ar bhuiséad bia teoranta. Treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí – raon mias/béilí do theaghlach atá ar bhuiséad bia teoranta etc., conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a ainmnítear iad sa taighde; etc.*

**Tasc 2**

> *Is féidir le réimeanna bia veigeatóracha a dhéantar a phleanáil mar is cóir a bheith cothromaithe ó thaobh cothaithe de agus oiriúnach do gach tráth den saol.* (*www.indi.ie*)
>
> Luaigh **(i)** na cineálacha éagsúla réimeanna bia veigeatórachta atá ann agus **(ii)** na cúiseanna a roghnaíonn daoine réim bia veigeatórach.
> Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do dhaoine atá ina veigeatóir.
> Agus na cúinsí a d'aithin tú i do chuid taighde á gcur san áireamh agat, roghnaigh réim bia veigeatórach amháin agus mol raon de mhiasa príomhchúrsa a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae.
> Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa príomhchúrsa a d'fhiosraigh tú.
> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. **2019**

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *cineálacha éagsúla réimeanna bia veigeatóracha*
- *na cúiseanna a roghnaíonn daoine* ***réim bia veigeatórach***
- *riachtanais chothaithe agus treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí do dhuine atá* ***ina veigeatóir***
- *ainmnigh réim bia veigeatórach ar leith*
- *raon de mhiasa príomhchúrsa a bheadh oiriúnach do réim bia veigeatórach a roghnaíodh lena n-áirítear an mhias príomhchúrsa roghnaithe* (*ainmnithe sa taighde*).

**Fiosrúchán**

**Cineálacha réimeanna bia veigeatóracha:**

*Veigeán; lachtveigeatóir; lachtveigeatóir uibheacha; veigeatóir uibheacha; veigeatóir éisc; veigeatóir circeola; leathveigeatóir; toraitheoirí; etc.*

**Na cúiseanna a roghnaíonn daoine réim bia veigeatórach:**

*Reiligiúnach; eiticiúil; inbhuanaitheacht; airgeadais; tionchar teaghlaigh; tionchar piaraí; blagálaithe agus lucht tionchair ar an margadh; meáin shóisialta; éileamh; costas/buiséad bia; cúiseanna sláinte; aestéitidil; cailliúint meáchan breise; etc.*

**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha:**

*Cothromaíocht chothaitheach; riachtanais laethúla mhicrea/mhacrachothaithigh lena n-áirítear riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/ iarainn/cailciam de réir mar is cuí; GI íseal/snáithín ard; méadaigh iontógáil fosfair agus since; Vitimín C/ionsú iarainn; Vitimín D/ionsú cailciam; Vitimín B 12; na treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; etc.*

**Treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí:**

*Úsáid phirimide bia veigeatórach/úsáid phirimide bia le béilí cothromaithe a chinntiú; ith bianna a sholáthraíonn próitéiní iomlána lena n-áirítear na haimínaigéid ar fad i gcomhréireanna cearta; úsáid stoc glasraí; seachain táirgí le geilitín; roghnaigh foinsí próitéine malartacha e.g. TVP, Quorn, tófú etc.; measc gránaigh agus léagúim; áirigh slánghráinneacha; áirigh bianna/táirgí treisithe; úsáid táirgí déiríochta malartacha e.g. soighe, bainní cnó etc.; seachain bianna próiseáilte; úsáid luibheanna/spíosraí le bianna a bhlaistiú; athchuir saillte ainmhí le saillte glasraí; ith bianna coipthe*(*saothraithe*)*/próibhitheacha; etc.*

**Miasa roghnaithe** - raon de mhiasa príomhchúrsa a bheadh oiriúnach mar réim bia veigeatórach roghnaithe
- caithfidh mias phríomhchúrsa a bheith ann (*ainmnithe sa taighde*)

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)

*Anailís tátail maidir lenar fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán i leith bainistíocht ar réimeanna bia veigeatóracha, fachtóirí le cur san áireamh le leorgacht cothaithe veigeatóirí a chinntiú; conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a ainmnítear san fhiosrúchán iad; etc.*

**Réimse Cleachtais B: Ullmhú Bia agus Próisis Chócaireachta**
**Tasc 3**

> *Is é is cúróg (soufflé) ann meascán éadrom ina bhfuil aer, ar féidir a ullmhú ar bhealaí éagsúla i.e. milis nó saillte, cócaráilte nó gan a bheith cócaráilte, te nó fuar.*
>
> Déan taighde ar conas a dhéantar cúróga agus mínigh na bunphrionsabail atá i gceist.
> Luaigh raon de mhiasa a léiríonn an scil maidir le cúróga a dhéanamh.
> Déan iniúchadh agus mionléiriú ar na príomhphointí is cóir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éiríonn leis na cúróga agus iad á ndéanamh. Ullmhaigh, déan agus riar ceann **amháin** de na miasa a ndearna tú taighde orthu.
> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis an gcaoi inar éirigh leat uigeacht éadrom ina bhfuil aer a bhaint amach. **2019**

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *taighde ar conas a dhéantar cúróga*
- *na bunphrionsabail atá i gceist nuair a dhéantar cúróga*
- *raon de mhiasa a léiríonn an scil maidir le cúróg a dhéanamh*
- *na príomhphointí ar chóir a chur san áireamh le toradh maith a chinntiú nuair a dhéantar cúróga*
- *mias roghnaithe* (*ainmnithe sa taighde*).

**Fiosrúchán**
**Conas mar a dhéantar cúróga agus na bunphrionsabail atá i gceist:**
***Te cócaráilte/milis/neamh-mhilis:*** *is féidir iad a chócaráil i miasa móra nó i miasa cúróg aonair, i stán do rollóg eilvéiseach agus rollta; ar fhriochtán – uibheagán borrtha; bácáilte* (*teas tirim*) *nó galaithe* (*bain-marie*)*; mias éadrom aeraithe, braitheann éirí ar aer sáinnithe agus fairsingiú an aeir nuair a dhéantar é a théamh; úsáid anlann bán táthaithe nó anlann panaird; tarlaíonn* ***geilitíniú*** *nuair a atann gráin stáirse agus briseann siad agus ionsúnn siad leacht faoi théamh; buíocháin curtha leis chun é a shaibhriú agus feoil/iasc/cáis/glasraí ar mhaithe le blas* (*cúróg neamh-mhilis*)*; torthaí, caifé, seacláid etc.* (*cúróg mhilis the*)*; gealacán uibhe buailte go righin agus fillte isteach sa mheascán chun é a* ***aerú*** *agus chun uigeacht éadrom a chruthú; gal uisce a ghintear le linn cócarála ina chúis leis an aer sa chúr a fhairsingiú agus an chúróg ag éirí dá bharr;* ***téachtann*** *gealacán uibhe ; etc.* ***Fuar neamh-chócaráilte/milis****: déanta as uibheacha; úsáid as geilitín mar ghníomhaí ramhraithe; geilitín* (*i bhfoirm púdair nó duilleoige*) *leáite in uisce te, curtha leis ón airde i sruth socair chun stríocáil a chosc; ionsúnn méid mór uisce chun* ***glóthán*** *a dhéanamh; téachtann nuair a éiríonn sé fuar; coiptear uachtar go héadrom agus cuirtear isteach é chun uigeacht éadrom a chruthú; gealacán uibhe buailte go righin fillte isteach chun an meascán* ***a aerú;*** *ligtear don mheascán leaththéachtadh sula gcuirtear píosaí torthaí mionghearrtha isteach, chun suncáil don íochtar a chosc; tugann uachtar agus gealacán uibhe* ***toirt agus éadroime*** *don mheascán; agus é téachta ba chóir don chúróg fhuar a meáchan féin a choinneáil thar barr na méise; etc.*

**Raon de mhiasa a léiríonn an scil maidir le cúróga a dhéanamh:**
**Te cócaráilte/milis/neamh-mhilis:** *caifé; seacláid; oráiste; cáis; cóilis; liamhás; muisiriún; cúróg bácáilte faoi dhó; etc.*
**Fuar neamh-chócaráilte/milis:** *sú talún; sú craobh; líomóid; líoma; seacláid; etc.*

**Príomhphointí is cóir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éiríonn leis na cúróga agus iad á ndéanamh:**
*Is cóir go mbeadh an trealamh ar fad iontach glan agus tirim; úsáid uibheacha ag teocht an tseomra; déan gealacáin uibhe a ghreadadh i mbabhla glan gan ghréisc; is cóir an meascán don bhonn a bheith blaistithe go maith mar maolaíonn gealacáin uibhe na blasanna; úsáid spúnóg mhiotal le gealacáin uibhe a fhilleadh isteach go bog; measc an gealacán uibhe isteach sa bhonn céim ar chéim; seachain*

*úsáid saillte i mblasóirí; fuaraigh anlann sula gcuirtear isteach gealacáin uibhe; úsáid banda dúbailte de pháipéar gréiscdhíonach timpeall ar bharr na méise; spúinseáil geilitín in uisce te seachas uisce fiuchaidh; déanann aigéid i súlaigh torthaí* (*anann*) *cumhacht téachta geilitín a lagú; cuir torthaí mionghearrtha le meascán geilitín nuair a bhíonn sé leath téachta; gréisc an mhias; glan meascán ón imeall; beidh an meascán cócaráilte go haonfhoirmeach níos mó má úsáidtear mias cúróige níos lú; réamhthéamh an t-oigheann 180°C - 200°C do chúróg the; má bhíonn an t-oigheann ró-the beidh an chúróg cócaráilte ar an taobh amuigh agus beidh sé amh istigh ann; má bhíonn an teocht ró-íseal ní ardóidh an chúróg; cuir an chúróg isteach go híseal san oigheann chun fairsingiú a cheadú; ná hoscail doras an oighinn le linn bácála; dáil amach cúróga te láithreach bonn; etc.*

**An Mhias roghnaithe –** *cúróg the nó cúróg fhuar* (*ainmnithe sa taighde*)

**Measúnú** (mar atá sé sonraithe sa tasc)
**(a)** *cur i bhfeidhm* **(b)** *toradh maith le huigeacht éadrom aeraithe a bhaint amach.*

**Réimse Cleachtais D: Airíonna Bia**
**Tasc 4**

***Bealach traidisiúnta leis na séasúir a cheiliúradh agus úsáid a bhaint as barraíocht torthaí sa bhaile is ea subha a dhéanamh.***

Déan taighde ar shubha, glóthacha nó marmaláidí a dhéanamh agus déan tagairt do **gach** ceann díobh seo a leanas:

- na torthaí éagsúla agus meascán de thorthaí is féidir a úsáid
- na bunphrionsabail atá i gceist agus conas a chuirtear an modh leasaithe i gcrích
- na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn
- na coimeádáin agus lipéadú a bheadh oiriúnach.

Ullmhaigh, déan agus cuir i bpota cineál **amháin** suibhe a d'fhiosraigh tú.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bfheidhm agus **(b)** le cé chomh hindéanta agus atá sé maidir le subha a dhéanamh sa bhaile. **2019**

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *taighde ar na torthaí éagsúla agus meascán de thorthaí is féidir a úsáid*
- *na bunphrionsabail atá i gceist agus conas a chuirtear an modh leasaithe i gcrích*
- *fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn*
- *coimeádáin agus lipéadú a bheadh oiriúnach*
- *táirge roghnaithe* (*ainmnithe sa taighde*).

**Fiosrúchán**
**Torthaí éagsúla agus meascán de thorthaí: Subha:** *sútha talún; sméara dubha; spíonáin; plumaí; daimsíní; silíní; úlla; piorraí; aibreoga; etc.* **Glóthacha:** *cuiríní dubha; cuiríní dearga; úlla; mogóir; etc.* **Marmaláidí:** *oráistí; líomóidí; teilí; seadóga; cainchí; péitseoga; neachtairíní; etc.* **Glac le:** *meascáin de na torthaí ar fad.*

**Na bunphrionsabail atá i gceist agus conas a chuirtear an modh leasaithe i gcrích:** *bogann an teas na torthaí agus briseann sé síos einsímí agus miocrorgánaigh; peictin scaoilte; cuirtear siúcra leis a choisceann fás miocrób trí na cealla miocróbacha a thimpeallú le tuaslagán dlúth a tharraingíonn uisce as an gcill mhiocróbach trí* ***osmóis;*** *teastaíonn tiúchan de 65% siúcra; scaoileann aigéad sna torthaí peictin as na torthaí a fheidhmíonn mar oibreán téachta; torthaí* ***bruite*** *ag* ***100°C+*** *; meascán idir torthaí le peictin íseal agus torthaí le peictin ard chun téachtadh sásúil a fháil; steiriliú na bprócaí; etc.* **Subh:** *torthaí nite, scafa, mionghearrtha; aigéad curtha leis; cócaráilte le huisce/gan uisce; tástáil le haghaidh peictin; siúcra curtha leis agus leáite thar teas bog; bruite go tapa go dtagann sé go pointe téachta; tástáil le haghaidh téachta; bain an cúr de; doirt isteach i bprócaí steirilithe (steiriliú san oigheann 140°C); clúdaigh; lipéadaigh; stóráil; etc.* **Glóthacha:** *gearr torthaí agus stobh le sú líomóide; scag na torthaí trí mhála glóthaí/muislín; cuir uisce leis an sú; cuir siúcra leis; tástáil le haghaidh téachta; laghdaigh an ráta bruite nuair a thagann sé gar don phointe téachta ionas nach mbeidh bolgáin aeir sáinnithe ann; bain barr de; cuir i bprócaí; clúdaigh; lipéadaigh; stóráil; etc.*
**Marmaláid:** *sciúr torthaí; bain craiceann de, bain an laíon de, gearr i ribíní; cuir craiceann, aigéad agus leath den uisce sa sáspan, suanbhruith go bog; gearr suas an chuid eile de na torthaí agus craiceann agus suanbhruit leis an uisce atá fágtha; scag é tríd an síothlán; cuir craiceann leis an mbrúitín scagtha; bruith amach an t-uisce breise; suanbhruit go mbeidh an chraiceann bog; cuir siúcra leis, bruith é go dtagann sé go pointe téachta; tástáil le haghaidh téachta; bain barr de; fuaraigh beagáinín; cuir sna prócaí; clúdaigh; lipéadaigh; stóráil; etc.*
**Glac le:** *gach modh ceart le subha, glóthacha agus marmaláidí a dhéanamh.*

**Fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn: ní féidir leis an táirge téachtadh;** *aigéad/peictin easnamhach; torthaí ró-aibí nó bruite go heasnamhach; etc.* **criostalúchán:** *an táirge bruite roimh leátán an siúcra; ró-chócaráilte; an iomarca siúcra; aigéad easnamhach; etc.* **coipeadh:** *easpa am*

*bruite; easpa siúcra; torthaí ró-aibí; etc.* **torthaí/craiceann ar barr:** *táirge fós te sula gcuirtear sna prócaí é; etc.* **crapadh:** *clúdaigh mhíchearta; stóráil mícheart; etc.* **Fás múscáin**: *easpa siúcra, torthaí ró-aibí, gan an táirge a chur isteach agus a chlúdaigh i gceart; etc.* **greamaíonn torthaí ar íochtar an tsáspain:** *sáspan gan smeartha; etc.* **craiceann righin sa mharmaláid:** *cócaráil go bog; siúcra curtha ró-luath; etc.* **glóthach modartha**: *ná fáisc an mála glóthaí; etc.*

***Coimeádáin agus lipéadú a bheadh oiriúnach:*** *e.g. prócaí gloine scriúchlaibín/fáiscín; dioscaí céaracha; dioscaí ceallafáin; polaitéin grád-réiteora; scriúlaibíní glana; lipéadaigh; etc.*

**Mias roghnaithe -** subh, glóthach nó marmaláid (*ainmnithe sa taighde*)

**Measúnú** (mar atá sé sonraithe sa tasc)
**(a)** *cur i bhfeidhm* **(b)** *Indéantacht a bhaineann le subha baile* (*subha, glóthacha agus marmaláidí*) *ceisteanna acmhainní – trealamh, scileanna, am, fáil ar chomhábhair, fachtóirí costais, etc.*

**Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh**
**Tasc 5**

| |
|---|
| *Tá an-tóir ar chaoineoga a dhíol le blianta beaga anuas.*<br>Déan taighde ar raon de chaoineoga ullmhaithe ar bhonn tráchtála atá ar fáil agus tagairt á déanamh agat do na brandaí, blasanna, costas agus méid siúcra atá iontu.<br>Agus tú ag baint úsáide as **dhá** bhranda éagsúla de chaoineog, leis an mblas céanna agus méideanna siúcra éagsúla iontu, déan an **tástáil triantáin** chun a fháil amach an féidir le tástálaithe an branda de chaoineog a bhfuil an méid is mó siúcra inti a aimsiú. Cuir na torthaí a fuarthas ón tástáil i láthair.<br>Déan measúnú ar an tasc i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le na torthaí a fuarthas ar an tástáil. **2019** |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *taighde ar raon de chaoineoga ullmhaithe ar bhonn tráchtála atá ar fáil agus tagairt á déanamh do bhrandaí, blasanna, costas agus méid siúcra atá iontu*
- ***tástáil triantáin***
- *coinníollacha le smachtú le linn tástála*
- *do rogha de **tháirgí roghnaithe** (brandaí difriúla caoineog, blas céanna agus méid siúcra difriúil).*

**Fiosrúchán** **= 24**

- Taighde/Fiosrúchán de tháirgí a oireann don tástáil
  *i.e. fiosraigh an raon de chaoineoga ullmhaithe ar bhonn tráchtála atá ar fail i.e. brandaí, blasanna, costas agus méid siúcra.*

- ***Tástáil triantáin***
  ***Cur síos:*** *tugtar trí shampla códaithe de chaoineoga don tástálaí (dhá shampla mar an gcéanna, ceann amháin difriúil); iarrtar ar an tástálaí a rá cén sampla atá difriúil; etc.*
  ***Aidhm na tástála:*** *cinntiú an bhfuil difríocht le brath idir an dá bhranda de chaoineoga; etc.*
  ***Torthaí féideartha****: féachtaint an bhfuil difríocht le brath idir an dá chaoineog; etc.*

*Glac le Tástáil Éagsúlachta i.e. Tástail Comparáide Péirithe faoi Threoir; etc.*

**Na coinníollacha atá le rialú I rith na tástála a shainaithint**
*Coinníollacha sonracha don tasc e.g. méid, cruth agus dath na gcoimeádán in úsáid don tástáil; teocht na samplaí; cainníochtaí ar an gcuma chéanna de gach sampla; códúchán na samplaí; cur i láthair cothromaithe; sláinteachas; amú, áit a ndéantar an tástáil; cúrsaí cothaithe; etc.*

- **Mias/táirge roghnaithe**
  ***Táirgí roghnaithe*** **= 4**

**Foinsí: 2@2 mharc** (grádaithe 2:1:0) **= 4**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**

- **Acmhainní** **= 8**
- **Príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh**

**Tástáil Triantáin:** *6 thráidire; 6 ghloine uisce; 18 gcoimeádán códaithe le haghaidh samplaí de chaoineoga; 9 sampla de chaoineog A; 9 sampla de chaoineog B; 6 scórchárta; bileog tuairisce; pinn; etc.*

**Cur i bhFeidhm** **= 16**

**Nós imeachta a leantar agus an ghné seo den tasc á déanamh**

*Ba chóir an tsraith iomlán den chur i bhfeidhm a thabhairt agus na torthaí curtha i láthair don tástáil .i.e*

**Tástáil Triantáin (dhá tháirge)**

*Códaigh 18 gcoimeádán; 6 choimeádán le siombail □, 6 choimeádán le siombail ◊, 6 choimeádán le siombail ○; cuir samplaí de chaoineoga i ngach coimeádán; eagraigh 6 thráidire uimhrithe 1-6; coimeádán amháin ar gach tráidire lipéadaithe le siombail □, coimeádán amháin le siombail ◊, agus coimeádán amháin le siombail ○;* ***ní mór cur i láthair cothromaithe in ord a bheith ann i.e ní mór gach meascán de shamplaí a d'fhéadfadh a bheith ann a chur i láthair*** *tugtar gach táirge samplach an méid céanna amanna. i.e. 9 n-uaire, samplaí curtha i láthair in ord randamach agus ní bhfaigheann aon tástálaí samplaí curtha i láthair sa tsraith chéanna; fanann na cóid ar gach tráidire mar an gcéanna, athraíonn an táirge sa choimeádán gach uair; leanann tástálaithe treoracha ar scórchárta; ciorclaigh ar an scórchárta cé acu ceann de na trí shampla atá difriúil (dá shampla mar an gcéanna, ceann amháin díobh difriúil); is féidir samplaí a bhlaiseadh arís; bailíonn an tuairisceoir na scórchártaí agus aistríonn sé na torthaí don bhileog tuairisce ullmhaithe; agus na torthaí á scríobh síos cuirtear ciorcal timpeall ar an litir a fhreagraíonn don tsiombail roghnaithe ar gach scórchárta agus cuirtear tic sa cholún cuí; déantar na freagraí cearta a chomhaireamh; taispeántar na cóid agus cuirtear na torthaí i láthair; is féidir torthaí a chur i láthair ar bharrachairt nó ar phíchairt; cuir slacht ar an áit; ní gréithe; measúnaigh na torthaí; etc.*

- **Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (*aon 2 cheann ar bith @ 4 mharc*)** (grádaithe 4:2:0) **= 8**

*Príomhfhachtóirí a d'fhéadfaí a chur san áireamh le toradh maith a chinntiú sa tasc lena n-áirítear -* ***coinníollacha faoi smacht*** *le linn tástála - códúchán; rogha de chaoineog in úsáid; teocht shamplach; aonfhoirmeacht sna samplaí le haghaidh tástála; méid dóthanach; gloine uisce/nó craicear tirim mar chuid de chun an carball a ghlanadh; tábhacht an chiúnais le linn tástála; 6 thástálaí ann le cinntiú go bhfuil gach uile mheascán de shamplaí tugtha a d'fhéadfadh a bheith ann; samplaí curtha i láthair in ord randamach ionas nach bhfaigheann tástálaí ar bith samplaí curtha i láthair sa tsraith chéanna; cur i láthair cothromaithe – gach caoineog tugtha an méid céanna amanna – 9 n-uaire; fanann an códúchán ar gach tráidire mar an gcéanna; ní chóir go spreagfadh an códúchán in úsáid claonadh ar bith i measc na dtástálaithe; ní chóir go mbeadh an lucht tástála bainteach le códúchán agus le heagrú na samplaí nó le sainscagadh na dtorthaí; etc.*

**(*caithfidh na príomhfhachtóirí tagairt don fhíorthástáil a rinneadh*)**

- **Sábháilteacht agus Sláinteachas** **= 4**

Sábháilteacht: ***1 phointe @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)
Sláinteachas: ***1 phointe@ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0)

***Sábháilteacht:*** *seiceáil dáta ar chaoineog le baol an bhia-nimhiú a sheachaint; stóráil caoineog; tástálaithe le hailléirgí – táirge le cnónna etc.; réimeanna bia ar leith i.e. éadulangach ar lachtós, diaibéiteas etc.; táirgí le breiseáin/uimhreacha E; etc.*

***Sláinteachas:*** *dea-chleachtas maidir le hionad ullmhúcháin agus le hionad tástála; láimhseáil samplaí – lámhainní plaisteacha/gloiní aon uaire in úsáid; etc.*

**Measúnú (*3 phointe @ 4 mharc*)** **= 12**

- **Cur i bhFeidhm**

*Nósanna imeachta tástála in úsáid; príomhfhachtóirí agus an tástáil á stiúradh; cúrsaí sábháilteachta agus sláinteachais san áireamh; fadhbanna a tharla agus na réitigh a moladh; measúnaigh éifeachtúlacht na sraithe oibre; etc.*

- **Riachtanais sainiúla an taisc**

*Ba chóir go ndéanfadh na mic léinn measúnú ar na torthaí a bhfuarthas don tástáil agus roinnt conclúidí a tharraingt. Ba chóir anailís a dhéanamh ar na fachtóirí a d'fhéadfadh cur leis na torthaí tástála a bhfuarthas i.e. an chúis nárbh fhéidir le tástálaithe an sampla difriúil a ainmniú; etc.*

## *Aguisín 1*

### Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna

1. Riachtanais an scrúdaithe:
   Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon ***cheithre*** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú.

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia.
   ***Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc***, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

3. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm,*** marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as ***measúnú an chur i bhfeidhm***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
   Maidir leis na Tascanna 3, 4 agus 5, dícheadófar ***measúnú ar shainriachtanais*** freisin.

4. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán***, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as ***measúnú ar shainriachtanais an taisc***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.

5. ***Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán,*** ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

6. Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach ***beagán scileanna próiseála*** – marc *pro rata*.

7. ***Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán*** leis na riachtanais, e.g.
   - Mias ***gan chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte
   - Mias ***nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc*** – *Tasc 1 agus 2*
   - ***An modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh*** – *Tasc 3 agus 4*
   - Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise***

   ***Bain 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.***

8. ***Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc,*** e.g. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

**N.B.** *Caithfidh scrúdaitheoirí dul i gcomhairle le scrúdaitheoirí comhairleacha agus suíomh ar leith á chur i bhfeidhm acu.*

Leathanach Bán